Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8448/23**

**JAI 460**
**FREMP 111**
**SCHENGEN 20**
**FRONT 137**
**COVID-19 17**
**IPCR 25**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Aibreán 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7189/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 24 Aibreán 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ag an 3944ú cruinniú a bhí aici an 24 Aibreán 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 01/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19 – Tionscnaimh ábhartha, agus tá an tionchar ag dul ó iad a bheith rathúil go dtí úsáid theoranta**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,**

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, Tuarascáil Speisialta Uimh. 01/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta), lena gcomhlánaítear Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2022 ón gCúirt: Saorghluaiseacht san Aontas Eorpach le linn phaindéim COVID-19 – Grinnscrúdú teoranta ar rialuithe teorann inmheánaí, agus gníomhaíochtaí neamhchomhordaithe ó Bhallstáit, agus freagra an Choimisiúin ar thátail na Cúirte.

2. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an fíoras nach bhfacthas a leithéid de phaindéim riamh agus gur gá uirlisí éifeachtacha a fhorbairt, go háirithe réitigh TF, chun taisteal laistigh den Aontas a éascú.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

    - in ainneoin a inniúlachta teoranta sa bheartas sláinte poiblí, gur ghníomhaigh an Coimisiún go tapa chun réitigh theicneolaíochta oiriúnacha a mholadh chun taisteal laistigh den Aontas a éascú le linn phaindéim COVID-19.

    - Shlóg an Coimisiún €71 mhilliún go pras chun uirlisí a fhorbairt chun taisteal laistigh den Aontas a éascú.

    - Thug an Coimisiún i gcrích an tairseach rianaithe teagmhálaithe agus Deimhniú Digiteach COVID an Aontais in am trátha. Bhí forbairt theicniúil Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais tugtha chun críche sula raibh cur chun feidhme a gcuid pleananna vacsaínithe críochnaithe ag na Ballstáit.

    - Níor mhol an Coimisiún réiteach AE maidir le foirm aimsithe paisinéirí go dtí go raibh a n-uirlisí féin forbartha ag roinnt Ballstát cheana féin.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI glacadh mear Rialachán an Aontais maidir le Deimhniú Digiteach COVID agus leathadh amach mear an bhonneagair teicneolaíochta. Bhí Deimhniú Digiteach COVID an Aontais éifeachtach ó thaobh taisteal a éascú le linn phaindéim COVID-19 ós rud é gur chuir sé feabhas ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhordú i ndáil le srianta taistil idir na Ballstáit.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas, go háirithe, a dhéanamh:

   - a shainaithint cé acu d'uirlisí an Aontais a cruthaíodh le linn phaindéim COVID-19 a bhí thar a bheith úsáideach do shaoránaigh agus do na Ballstáit, agus féachaint ar bhealaí chun gur féidir úsáid a bhaint as na bonneagair theicneolaíochta, go háirithe i gcás Dheimhniú Digiteach COVID AE, chun críoch oiriúnach eile, agus inniúlacht na mBallstát maidir le doiciméid aitheantais agus taistil a eisiúint á cur san áireamh, agus i gcomhréir leis an mbunús dlí iomchuí.

   - É a dhéanamh níos fusa do shaoránaigh rochtain a fháil, trí shineirgí nó trí shimpliú, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus trí inniúlachtaí náisiúnta a urramú, ar uirlisí de chuid an Aontais a úsáidtear chun rianú teagmhálaithe trasteorann le linn géarchéimeanna sláinte poiblí.

   - Anailís a dhéanamh ar an ngá atá le haon uirlisí breise chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, go háirithe i bhfianaise na gceanglas maidir le cosaint sonraí, sna fóraim iomchuí. Ba cheart aon tograí reachtacha nua a bheith bunaithe, aon uair is féidir, ar mheasúnú tionchair roimh ré nó ar réamhchomhairliúcháin ar a laghad.